C/2025/1364

20.2.2025

Fógra faisnéise ón gCoimisiún de bhun Airteagal 16(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal

Oibleagáidí seirbhíse poiblí i leith aersheirbhísí sceidealaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1364)

Ballstát	an Spáinn
Na haerbhealaí lena mbaineann	Mionarca-Maidrid
Dáta athoscailte na mbealaí OSP d'aeriompróirí comhphobail	1.5.2025
An seoladh ónar féidir an téacs agus aon fhaisnéis nó doiciméadacht eile a fháil a bhaineann leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí	Ministerio de Transportes y Movilidad Sostenible Dirección General de Aviación Civil Subdirección General de Transporte Aéreo Paseo de la Castellana 67 28071 Maidrid AN SPÁINN Teil. +34 915977837 Facs +34 915978643 seoladh ríomhphoist: osp.dgac@transportes.gob.es

Féadfar na bealaí atá faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí a oibriú ar bhonn rochtain trí shaoriomaíocht ón 1 Bealtaine 2025. I gcás nach gcuireann aon aeriompróir clár seirbhísí isteach atá i gcomhréir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a forchuireadh, déanfar an rochtain a theorannú ón 1 Samhain 2025 go dtí 30 Aibreán 2026 chuig aon aeriompróir amháin tríd an nós imeachta comhfhreagrach um thairiscint phoiblí, i gcomhréir le hAirteagal 16 (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.